Teaghlach i mbaol

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi theaghlach atá faoi bhagairt i gCathair Luimnigh. An féidir leat na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla sa bhosca thíos.

1. dearbhaithe	a. abroad
2. Aire Dlí agus Cirt	b. was shot
3. athlonnú	c. confirmed
4. thar lear	d. implemented
5. mar gheall ar	e. because of
6. buíonta coiriúlachta	f. Minister for Justice
7. cróga	g. intolerable
8. lámhachadh	h. criminal gangs
9. is cumhachtaí	i. being threatened
10. á bhagairt	j. relocate
11. dofhulaingthe	k. brave
12. curtha i gcrích	l. most powerful

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén fáth a gcaithfidh Steve Collins bogadh thar lear?

2. Cén fáth a bhfuil an rialtas toilteanach tacaíocht iomlán a thabhairt do Steve Collins?

3. Cé hé Roy Collins agus cad a tharla dó?

4. Cén fáth ar cuireadh Wayne Dundon i bpríosún ar feadh seacht mbliana?

5. Cén fáth a bhfuil saol Steve Collins dofhulaingthe?

Ceist 3 **A**. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí bhur machnamh ar na bealaí éagsúla atá ann le **I have to** a rá as Gaeilge. Féachaigí ar na habairtí seo thíos agus scríobhaigí na habairtí arís le 'tá orm' mar thuas leo. Tá an chéad cheann déanta daoibh.

Déanaim m'obair bhaile. *Tá orm m'obair bhaile a dhéanamh.*

Ním na soithí. _____

Léim an páipéar nuachta. _____

Réitím an bord. _____

Cuirim gach rud in ord. _____

Scríobhaim aiste. _____

B. Anois, déan liosta de na rudaí a chaithfidh tú a dhéanamh an tseachtain seo agus abair leis an duine in aice leat iad.

C. Bhí 'éigean' le cloisteáil sa mhír – cuir ***b'éigean dom*** in abairt anois lena chiall a léiriú.

Ceist 4 '...cróga...'

A. An bhfuil na focail thíos ar eolas agat?

ard
tanaí
ramhar
beag
mór
sean
meánaosta
óg
dathúil
fionn
dorcha
rua

B. Féach ar an mhír uair amháin eile agus déan cur síos ar na daoine inti. Ná déan dearmad de na pointí seo:
Bíonn gruaig agus féasóg **ar** dhuine agus bíonn súile **ag** duine, mar shampla:

Tá gruaig ghairid air.
Tá gruaig fhada rua uirthi.
Tá gruaig dhubh orm.
Tá súile gorma aige.

Ceist 5 '...thar lear...'

Cuir na frásaí seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

thar barr / thar cionn / thar ceann / thar sáile / thar mholadh beirte

Ceist 6 '...Cathair Luimnigh...'

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus breacaigí síos príomhchathracha na tíre.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
c	f	j	a	e	h	k	b	l	i	g	d

Ceist 2

1. Ní féidir leis a bheith beo san áit a bhfuil sé de bharr bagairtí ó bhuíonta coiriúla sa chathair.
2. Deir an tAire Dlí agus Cirt, Alan Shatter, go bhfuil tacaíocht an stáit tuillte go maith ag Steve Collins agus a theaghlach mar gheall ar chomh cróga is a bhí siad.
3. Is mac le Steve Collins é Roy. Dúnmharaíodh é cúig bliana ó shin sa bhliain 2009 i ndiaidh bagairtí ó bhuíon Wayne Dundon de bhrí go ndeachaigh gaol le Roy Collins ina choinne sa chúirt.
4. Cuireadh sa phríosún é ar feadh seacht mbliana mar gheall ar na bagairtí a rinne sé ar theaghlach Collins.
5. Le trí bliana anuas deir Steve Collins, athair Roy Collins, go raibh an teaghlach á bhagairt an t-am ar fad ag baill de bhuíon Wayne Dundon agus go raibh a saol dofhulaingthe dá bharr sin.

Ceist 3
A. *Tá orm. . . / Caithfidh mé. . . /Ní mór dom. . .*
Ním na soithí. *Tá orm na soithí a ní.*
Léim an páipéar nuachta. *Tá orm an páipéar a léamh.*
Réitím an bord. *Tá orm an bord a réiteach*
Cuirim gach rud in ord. *Tá orm gach rud a chur in ord*
Scríobhaim aiste. *Tá orm aiste a scríobh.*
B. Cleachtadh cainte atá i gceist anseo.
C. B'éigean dom imeacht – *I had to leave*.

Ceist 4
A

ard – tall	meánaosta – middle-aged
tanaí – skinny	óg – young
ramhar – fat	dathúil – good looking
beag – small	fionn – blonde
mór – big	dorcha – dark haired
sean – old	rua – red headed

B. Bí cinnte go bhfuil gach foghlaimeoir in ann cur síos a dhéanamh go cruinn ar dhaoine eile.

Ceist 5
Thar barr / thar cionn – excellent
Thar ceann – on behalf of
Thar sáile – abroad
Thar mholadh beirte, ní raibh sé thar mholadh beirte – it was not great.

Ceist 6
Baile Átha Cliath/ Cathair Bhaile Átha Cliath
Béal Feirste/ Cathair Bhéal Feirste
Corcaigh/ Cathair Chorcaí
Gaillimh/ Cathair na Gaillimhe

Eimear Ní Chonaola

Tá sé dearbhaithe ag an Aire Dlí agus Cirt, Alan Shatter, gur thug an stát chuile chúnamh do theaghlach Steve Collins as Cathair Luimnigh arbh éigean dó athlonnú thar lear mar gheall ar bhagairtí ó bhuíonta coiriúlachta sa gcathair[1]. Dúirt an tAire Shatter go raibh tacaíocht iomlán ón stát tuillte acu mar gheall ar chomh cróga is a bhí siad.

Grett O'Connor

Dúnmharaíodh Roy Collins, a bhí cúig bliana is tríocha d'aois, i mí Aibreáin dhá mhíle is a naoi. Cúig bliana roimis[2] sin lámhachadh col ceathrair leis de bharr gur dhiúltaigh sé cead isteach i dtigh[3] tábhairne do dhuine de mhuintir Wayne Dundon, ceannaire ceann de na buíonta is cumhachtaí i Luimneach. Thug gaol le Roy Collins fianaise don chúirt[4] sa chás sin, gur bhagair Wayne Dundon go maródh sé duine den teaghlach de bharr gur sheas sé ina choinne. Cuireadh go príosún é ar feadh seacht mbliana as ucht an bhagairt[5] sin a dhéanamh.

Le trí bliana anuas deir Steve Collins, athair Roy Collins, go raibh an teaghlach á bhagairt an t-am ar fad ag baill de bhuíon Wayne Dundon agus go raibh a saol dofhulaingthe dá bharr sin. Tá sé dearbhaithe ag na Gardaí go rabhthas ag obair le beagnach bliain anuas ar phlean chun Steve Collins agus a theaghlach a athlonnú thar lear. Inniu tá an t-athlonnú sin curtha i gcrích, tá tigh tábhairne Steve Collins ceannaithe ag an stát le tiontú ina ionad pobail do dheisceart chathair Luimnigh. Grett O'Connor, Nuacht TG4.

---

[1] *sa chathair* a mholtar sa chaighdeán
[2] *roimhe* sa chaighdeán
[3] *tigh* a deirtear le haghaidh *teach* i gcanúint na Mumhan
[4] *don gcúirt* a deirtear
[5] *an mbagairt* a deirtear